# CINNEADH (CBES) 2022/2507 ÓN gCOMHAIRLE

## an 19 Nollaig 2022

## lena leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Lúnasa 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/452/CBES ([1]) lena gcuirtear síneadh le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia (EUMM Georgia) arna bhunú le Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/736/CBES ón gComhairle ([2]).

(2) An 17 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1970 ([3]) lena ndéantar foráil maidir le saineolaithe an Aontais ó EUMM Georgia a imscaradh san Airméin go dtí an 19 Nollaig 2022.

(3) An 25 Samhain 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/2318 ([4]) lena gcuirtear síneadh le EUMM Georgia go dtí an 14 Nollaig 2024.

(4) Le measúnú straitéiseach ar an gcúram a tugadh isteach le Cinneadh (CBES) 2022/1970, tháinig an Coiste Polaitiúil agus Slándála ar an gconclúid gur cheart do EUMM Georgia foireann a imscaradh go sealadach san Airméin, ón 20 Nollaig 2022, chun feasacht an Aontais maidir leis an staid slándála a fheabhsú, d'fhonn rannchuidiú le misean sibhialta féideartha a phleanáil agus a ullmhú faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) san Airméin.

(5) Ba cheart Cinneadh 2010/452/CBES a leasú dá réir sin.

(6) Cuirfear EUMM Georgia i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I gCinneadh 2010/452/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3a:

"*Airteagal 3a*

Déanfaidh EUMM Georgia foireann a imscaradh san Airméin chun feasacht an Aontais a fheabhsú maidir leis an staid slándála, d'fhonn rannchuidiú le misean sibhialtach féideartha CBSC a phleanáil agus a ullmhú san Airméin.

Tiocfaidh deireadh leis an gcúram sin nuair a chinnfidh an Chomhairle amhlaidh."

([1]) Cinneadh 2010/452/CBES ón gComhairle an 12 Lúnasa 2010 maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia(IO L 213, 13.8.2010, lch. 43).

([2]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/736/CBES ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2008 maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia (IO L 248, 17.9.2008, lch. 26).

([3]) Cinneadh (CBES) 2022/1970 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia (IO L 270, 18.10.2022, lch. 93).

([4]) Cinneadh (CBES) 2022/2318 ón gComhairle an 25 Samhain 2022 lena leasaítear Cinneadh 2010/452/CBES maidir le Misean Faireacháin an Aontais Eorpaigh sa tSeoirsia, EUMM Georgia (IO L 307, 28.11.2022, lch. 133).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 20 Nollaig 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2022

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. SÍKELA